

eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -

Ag Cur Feabhsú Chun Cinn



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOR I nDAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

**Naíscoil an Lonnain
Baile na Mainistreach**

Dáta na Cigireachta: Márta 2008

FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|------------------------------------|---|
| Ainm an Ionaid Réamhscoile: | Naíscóil an Lonnain |
| Seoladh: | 61 Bóthar na bhFálBhaile Aird BAILE NA MAINISTREACH Co Aontroma BT12 4PD |
| Cineál Bainistíochta: | Deonach |

| | |
|--|--------------|
| Dáta na Cigireachta: | 4 Márta 2008 |
| Dáta na Cigireachta roimhe sin: | 3 Márta 2008 |

1. Sonraí faoi na Páistí

| Líon iomlán na bpáistí: | seisiún am | seisiún pm |
|--|-------------------|-------------------|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 20 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 13 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 13 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 13 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| Tinreamh: | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 76% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaims eartha | Páirtaimse artha |
|--|----------------|------------------|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 0 |

| Líon: *** | |
|-------------|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|-----------------------------|-------------------------------|--|
| 3¼ huairé an chloig | - | 179 |

4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|-------------------------------------|-------|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 13 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 69.2% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 4 |

NAÍScoil AN LONNÁIN, BÉAL FEIRSTE, BT12 4PD (1BB-0476)

1. Is ionad réamhscolaíochta Gaeilge faoi bhainistíocht dheonach í Naíscoil an Lonnáin. Ó bhí an chigireacht dheireanach ann tá an Naíscoil i ndiaidh aistriú chuig áitreabh eile agus tá sí lonnaithe anois in iar-Ionad Dhún Lúiche. Tá áit bheag dhaingean súgartha ann; tá na leithris taobh amuigh den seomra súgartha agus iad in úsáid fosta ag lucht na bunscoile. Tá athrú iomlán foirne ann fosta, agus an saineolaí oideachais luath-óige san áireamh. Méadaíodh líon na bpáistí réamhscoile ó ochtar go 13. Is ón cheantar in aice láimhe a thagann formhór na bpáistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin Naíscoil. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí go rabhthas thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais.

3. Tá caighdeán na socrúithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí an-mhaith. Tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha ag an Naíscoil le haghaidh cosaint leanaí. Léirítear ón fhianaise sa chigireacht go gcuireann an fhoireann na polasaithe agus na modhanna oibre sin i bhfeidhm go héifeachtach seasta leis na páistí a chosaint.

4. Tá láidreachtaí móra i gclár na Naíscoile le haghaidh cur chun cinn na sláinte agus na folláine agus tugtar aird ar fhorbairt agus ar fheidhmiú clár iteacháin shláintiúil agus gníomhaíochta coirp chun na páistí a spreagadh le stíl bheatha níos sláintiúla a bheith acu.

5. Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an Naíscoil:

- Bíonn éiteas dearfach ann agus é bunaithe ar chaidreamh an-mhaith rud a spreagann féinmhuinín agus féinmheas sna páistí. Bíonn na páistí an-mhúinte agus gan aon leisce orthu iarraidh ar an fhoireann bheith páirteach leo sa súgradh.
- Cruthaíonn an fhoireann timpeallacht tharraingteach spreagthach foghlama. Cuirtear réimse maith acmhainní ar fáil taobh istigh de na saináiteanna súgartha; baintear úsáid as áiteanna sainspéise agus as taispeántais d'obair ealaíne na bpáistí féin le cuma mhaith a chur ar an seomra súgartha.
- Bíonn deiseanna maithe foghlama i mbunús gach réimse den churaclam réamhscoile. Le linn na cigireachta chonacthas a lán samplaí de dhiansúgradh táirgiúil. I measc láidreachtaí ar leith an ionaid cuirtear labhairt na Gaeilge chun cinn agus bunsmainteoireacht sa mhatamaitic. Léiríonn na páistí go bhfuil suim acu i leabhair agus i dtús a chur le marcanna a dhéanamh. Chonacthas a lán samplaí de chomharshúgradh lán samhlaíochta.
- Tuigeann an fhoireann uile riachtanais na bpáistí agus tugann siad tacaíocht dóibh. Léiríonn siad uile an scil atá acu agus iad ag úsáid cuid smaointeoireachta na bpáistí féin go héifeachtach mar ábhar teagaisc agus iad ag cur le cumas smaointeoireachta na bpáistí agus lena gcumas sa teanga.

- Is úsáideoirí inniúla Gaeilge iad an fhoireann agus iad ag teagasc gach réimse den churaclam réamhscoile; léiríonn na páistí a fheabhas a thuigeann siad an teanga agus baineann a lán acu úsáid as na focail agus na frásaí iomchuí agus iad ag freagairt.
- Is oibríthe crua díograiseacha an fhoireann agus iad i mbun oibre leis na páistí.

6. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.

- Ba chóir don fhoireann leanúint de bheith ag forbairt a gcuid modhanna pleanála agus measúnaithe.
- Ba chóir gnáthimeachtaí an lae a athbhreithniú agus a leasú lena chinntiú go gcaithfear gach tréimhse go héifeachtach i mbun foghlama.

7. Is dream machnamhach iad an fhoireann agus iad i mbun a gcuid oibre agus tá modhanna úsáideacha ceaptha acu le luacháil a dhéanamh ar thuairimí na dtuismitheoirí faoina shásúla atá gnéithe áirithe den obair sin. Cuireadh cúl ar obair forbartha chórasach agus ar phleanáil forbartha de bharr nach raibh go leor tacaíochta ar fáil ón saineolaí oideachais luath-óige le blianta beaga anuas. Ba chóir don fhoireann dlúth-chomhoibriú a dhéanamh anois leis an saineolaí oideachais luath-óige nuacheaptha le go mbeidh feabhsú leanúnach ann.

8. Tá láidreachtaí móra sa chuid is mó den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear sa Náiscoil. Aimsíodh sa chigireacht mionréimsí atá le feabhsú agus a bhfuil sé i gcumas na Náiscoil tabhairt fúthu.

Coimhéadfaidh an Cigire Ceantair dul chun cinn na Náiscoil sna réimsí atá le feabhsú agus í ag teacht ar cuairteanna faireacháin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk